

### Baisc grianghraf Michael J. Murphy seolta ar dúchas.ie

Tá suas le 80,000 grianghraf i mBailiúchán Grianghraf Chnuasach Bhéaloideas Éireann, a bhformhór ó thréimhse Choimisiún Béaloideas Éireann (1935–70) agus a chomharba. I measc na ngnéithe a léirítear sna grianghraif, tá tithe cónaithe agus gnéithe eile de dhéantús, slite beatha, ceirdeanna agus ceardaíocht, tráchtáil, modhanna iompair, an fharraige, oideachas, creideamh, bia, feisteas, féilte agus deasghnátha, scéalaithe, ceoltóirí, caithimh aimsire agus spórt. Tá breis agus 12,000 grianghraf ón gCnuasach digitithe, catalógaithe agus curtha ar fáil ar dúchas.ie cheana féin.

Seoladh breis agus **100 grianghraf nuadhigithe** a ghlac [Michael J. Murphy](#) (1913–1996) idir 1950 agus 1970 ina cheantar dúchais i ndeisceart Ard Mhacha ar dúchas.ie. Bhí Murphy ina bhailitheoir lánaimseartha le Coimisiún Béaloideas Éireann ó 1949 go ndeachaigh sé ar scor in 1983. Murab ionann is roinnt de na bailitheoirí eile, bhíodh ceamara aige agus thógadh sé grianghraif de na scéalaithe agus den saol inar mhair siad agus is acmhainn thar a bheith luachmhar an taifead físiúil seo a chuireann go mór lena bhailiúchán scríofa. Thiomsaigh Murphy timpeall is 1,300 claonchló le linn a chuid obair pháirce ar fud Chúige Uladh agus i gCo. Lú. Tógadh an tríú cuid díobh ina chontae dúchais agus tá sciar maith díobh siúd digitithe agus curtha ar fáil anois.


Ag cur fáilte roimh an fhógairt, dúirt an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin TD, “Tá an t-uafás gur féidir linn a fhoghlaim ón ábhar seo, faoi chúlra agus stair na tíre agus ár muintir. Is léir go bhfuil obair fhiúntach ar bun ag lucht Fiontar & Scoil na Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus ag Cnuasach Bhéaloideas Éireann i gColáiste na hOllscoile Baile Átha Cliath chun béaloideas na hÉireann a chaomnú agus chur ar fáil do phobal na tíre agus do dhaoine eile timpeall na cruinne.”

Ag cur leis an méid sin, dúirt an tAire Stáit don Ghaeltacht agus Spóirt, Jack Chambers TD, “Tá béim curtha ag an bpaindéim COVID-19 ar a thábhachtaí is atá áiseanna digiteacha mar seo do phobal na tíre. Is acmhainn chultúrtha an-tábhachtach é an Cnuasach agus baineann muintir na hÉireann an-tairbhe as an áis seo, ina measc lucht léinn, scríbhneoirí, amhránaithe, lucht staire agus na meáin. Is onóir dom go bhfuil sé ar chumas mo Roinn tacú leis an tionscnamh seo. Tréaslaím le fhoireann Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus le Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus an guím gach rath orthu agus iad ag leanacht leis an dtogra.”

I measc an ábhair eile atá ar fáil ar dúchas.ie cheana, tá c.26,000 mír bhéaloidis **ón bPríomhbhailiúchán Lámhscríbhinní**, ábhar a bhailigh bailitheoirí Choimisiún Béaloideas Éireann ó 1935 i leith. Cuirtear ábhar nua ón mbailiúchán seo leis an suíomh go ráithiúil. Chomh maith leis sin, tá **Bailiúchán na Scol**, ábhar ó gach ceann de na 26 contae a ghlac páirt i Scéim na Scol in 1937–39. Cuireadh tús le **Meitheal Dúchas.ie** in Earrach 2015, tionscadal tras-scríofa atá ar cheann de na tograí sluafhoinisithe is rathúla dá leithéid ar domhan. Tá breis agus 330,000 leathanach tras-scríofa go deonach ag bail na Meithle go n-uige seo.

Cuireann Éireannaigh agus lucht an diaspóra araon suim in [dúchas.ie](#). Tá líon mór úsáideoirí lonnaithe sa Bhreatain, sna Stáit Aontaithe, san Astráil agus i gCeanada, i measc neart tíortha eile. Is áis iontach é dúchas.ie dóibh siúd a chuireann suim i léann an bhéaloidis, sa stair áitiúil, sa tseandálaíocht, i gcúrsaí ginealais, sa teangeolaíocht agus i mórán réimsí taighde eile. Is féidir an bailiúchán a chuardach de réir áiteanna, de réir daoine agus de réir topaicí, agus tá ábhar ann ó nach mór gach paróiste sa tír.

Is toradh é dúchas.ie ar chomhpháirtíocht a cuireadh ar bun in 2012 idir Cnuasach Bhéaloideas Éireann in UCD, Leabharlann Dhigiteach UCD, agus Fiontar & Scoil na Gaeilge, aonad teagaisc agus taighde trí mheán na Gaeilge in DCU. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal bailiúcháin uile Chnuasach Bhéaloideas Éireann a dhigitiú agus a chur ar fáil



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,  
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán  
Department of Tourism, Culture,  
Arts, Gaeltacht, Sport and Media



Eisithe ag Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU agus Cnuasach Bhéaloideas Éireann, UCD  
28 Nollaig 2020

don phobal ar líne. Tá an tionscadal á chómhaoiniú ag An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta, agus ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath le cabhair airgeadais ó Fhondúireacht Bhéaloideas Éireann.

Is féidir teacht ar na grianghraif seo ag [www.duchas.ie/ga/ppl/cbeg/79506041](http://www.duchas.ie/ga/ppl/cbeg/79506041) áit a bhfuil bileog curtha le chéile ar Michael J. Murphy chomh maith.

CRÍOCH

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le Clare Coughlan, [clare.coughlan@dcu.ie](mailto:clare.coughlan@dcu.ie); (01) 700 6577



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,  
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán  
Department of Tourism, Culture,  
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

